

SATH SHOILL

Luach € 2.00

Éigse Sheáin Bháin 2009



Seo thuas páistí Ros Goill a bhain duaiseanna ag an chomórtas "Deis a Labhartha" ag Éigse Sheáin Bháin a bhí ar siúl i mBaile na Finne Dé Sathairn, 28 Samhain. Ó chlé, ar chúl tá Ailín Pasoma, Ben Mac Giolla Bhríde, Ruidhrí Mac Conaglaigh agus Laura Pasoma agus chun tosaigh tá Odhrán Mac Conaglaigh, Naoise Ní Dhuagáin, Aobhá Ní Ghallachóir agus Micheál Pasoma. Tuilleadh pictiúr ar leathanach 15.

AN CLÁR


IRIS CÉIM ANIAR

Éigse Sheáin Bháin	1
FORBAIRT AR THIONSCAL NA BLASCAIREACHTA	3
Seal i Meiriceá Theas i 1997	7
Lainseáil Ulathobiosca Dhónaill	9
An Dán "Ros Foill"	10
feadlímó	11
Logainmneacha na nDúnaibh	13
Imeachtaí Chéim Aniar	14



Forbairt ar Thionscal na hIascaireachta.

Cé gur tógadh cuid mhór céidheanna le linn agus i ndiaidh an ghorta is cinnte nach raibh céidheanna ar fud na gceantar éagsúla ag dul a chur aon dlús faoi dhul chun cinn thionscal na hiascaireachta. Más aon rud is 'un deiridh a bhíothas ag dul ó am an ghorta. Cén dóigh a dtiocfaí dul chun cinn a dhéanamh nuair nár caitheamh ar an tionscal ach £175,000 idir 1846 agus 1877. Bhí céidh bhreá acu sna Dúnaibh anois fán bhliain 1884 ach cé a bhí ag baint úsáide as? Is cinnte nach raibh mórán de bhunadh na háite. Mar a luaigh mé cheana, fiú dá mbeadh bádaí níos mó ag iascairí an cheantair ní raibh eolas margáíochta ná córas taistil fán cheantar le go dtiocfaí lastaí móra éisc úra a fháil 'na mhargaidh.



Arthur Balfour

*Arthur Balfour a bhí ina Phríomh-Rúnaí sa tír seo ó 1887 go dtí 1891 agus cé nach cara ar bith do thionóntaithe a bhí ann agus go raibh sé claonta go mór i dtreo na dTiarnaí Talún ba é a bhí taobh thiar de chúpla cinneadh mór a bheith déanta a raibh tionchar thar a bheith tábhachtach acu ar Iarthar na hÉireann agus ar thionscal na hiascaireachta ach go háirithe: **Bord na gCeantar Cúng a chur ar bun agus na hiarannróid a leathnú go dtí na poirt iascaireachta ar an chósta.** Ba mhór an chuidiú a bhí ann do thionscal na hiascaireachta sna Dúnaibh nuair a thosaigh na traenacha a dhul fríd an Chraoslach sa bhliain 1903. Ach bhí feabhas tagtha ar ghnóthaí iascaireachta i bhfad roimh 1903.*

Bord na gCeantar Cúng.

Cuireadh Bord na gCeantar Cúng ar bun faoi Acht 1891 le faoiseamh a thabhairt do dhaoine ón bhochtaineacht, ón leán agus ón chruatan sna ceantair a ba bhoichte in Iarthar na hÉireann. Rinne an Bord an-dul chun cinn i bhforbairt thionscal na hiascaireachta sna réigiúin a bhí faoina chúram agus ceann de na rudaí a ba shuntasáí faoin Bhord seo ná go dtug Balfour saoirse don Bhord airgead a

chaitheamh de réir mar chonacthas buntáiste nó tairbhe ag baint leis, gan aon srian ná idirghabháil ón Taisce, ón Chaisleán ná ó aon rannóg Stáit a fhad agus nár caitheamh níos mó airgid ná mar bhí ina gciste. Mhair an Bord seo ón bhliain 1891 go dtí 1923 agus tá cuntas breá ar chuid oibre an bhoird seo le fáil ó pheann W. L. Micks a bhí mar chéad rúnaí agus mar bhall den bhord le linn an ama sin.

Bhí an bord dírithe go mór ar fhorbairt a dhéanamh ar thionscal na hiascaireachta agus is cinnte gur éirigh thar barr leis an dúshraith a chur síos.

An Bord i mBun Oibre.

Nuair a chuaigh Micks i mbun oibre in 1891 ní raibh mórán le sé áit i réigiúin na gceantar cúng ó Dhún na nGall go Iarthar Chorcaigh a raibh teacht isteach níos mó ná £5 ag aon theaghlach ón iascaireacht. Ar feadh an chósta iomlán ó Loch Feabhail go béal na Sionainne ní raibh bád amháin a thioctadh gléasra iomlán eangach a iompar mar a dhéanfadh bád mór seoil. Ba é an chéad rud a thug an Bord faoi agus rud a bhí práinneach do na hiascairí ná margadh a chruthú. Chuige seo cuireadh stáisiúin leasaithe ar bun mar go raibh an oiread sin áiteacha nach dtiocfadh éisc úr a chur 'na mhargaidh mar nach raibh córas taistil fóirsteanach sna áiteacha sin.

Sa bhliain 1892 agus ar feadh roinnt blianta ina dhiaidh sin thosaigh an Bord fhéin ag ceannach trosc, langaí agus glasán mór ar thart fá 4 scillinge, ar an mheán, an trí cinn déag. Ach cé go raibh an luach seo íseal go leor 'sé an buntáiste a bhí leis ná gur cheannaigh gníomhairí an Bhoird na héisc ba chuma cad é chomh mór agus bhí an iascaireacht agus fiú ag 4 scillinge bhí na hiascairí anois ag saothrú níos mó sa tséasúr ná mar a shaothraigh siad ariamh roimhe seo. Sa tráthnóna dhéanadh na hiascairí a gcuid línte fada a bhaoiteáil, cuireadh siad na línte san oíche agus thógadh siad iad arís le teacht a' lae. Idir an dá linn chaithfí eangacha beaga a chur amach le greim a fháil ar scadáin agus ar mhurlais, na héisc a d'úsáid siad mar

bhaoití. Nuair a bhíodh na scadáin gann agus nuair a chaithfeadh na fir fanacht leis na heangacha tréimhsí fada le bheith cinnte go mbeadh baoití acu, is fíor a rá nach mórán uaireanta codlata a gheobhadh na hiascairí le linn séasúr na hiascaireachta. Rinneadh an iascaireacht sna geoltaí (yawls), bádaí seoil a bhí foscailte agus a d'fhág cruatan agus léan go leor ar an fharraige le linn drochaimsire. D'fhulaing siad ón fhuacht, ón fhearhainn agus ó cháitheadh na dtonn, agus de thairbhe seo rinneadh socraithe éadach farraige (oilskins) a chur ar fáil dóibh a dtiocfaí díol astu nuair a bhíodh an séasúr thart. Cuireadh línte fada nua-aimseartha ar fáil dóibh fosta ar choinníoll go ndíolfaí astu fosta ag deireadh an tséasúir. Dúirt Micks ina chuntas nach raibh deacracht ar bith acu a gcuid iasacthaí a íoc ar ais ag deireadh an tséasúir. Bhí cuid mhaith de na hiascairí a bhíodh ag obair roimhe seo ar scéimeanna ar bhealtaí móra ar scilling sa lá agus neart acu i bhfiacha le siopaí agus le gnóthaí éagsúla. Sa bhliain 1892 mar gheall ar an saothrú as an iascaireacht d'éirigh leis na fir seo, ní amháin, a gcuid fiacha a ghlanadh ach mar a dúirt siad le Micks, '...airgead tirim a chur i dtaisce'. Tháinig athrú suntasach i saol na ndaoine i bpobail iascaireachta ar chósta Dhún na nGall, ag dul ó lean, leatrom agus anás go rathúnas agus fuílleach.

Lena chinntiú go sroicheadh na héisc an margadh agus iad sa riocht is fearr cuireadh Micks anonn go dtí na Shetlands leis an chóras saille agus triomaithe a bhí in úsáid thall ansin a scrúdú agus teagascóirí a thabhairt anall leis go Dún na nGall lena gceird a theagasc abhus anseo. Comh luath agus a thosaigh an séasúr d'iascaireacht Trosc agus Langaí tháinig sailleoirí na Shetlands anall. Rinne Micks cinnte gur roghnaigh sé fir a bhí stuama agus siosmaideach agus ba é an toradh a bhí le hobair shailleadh na n-iasc faoi chúram shailleoirí na Shetlands ná go bhfuarthas an luach céanna sa mhargadh ar éisc Dhún na nGall agus a fuarthas ar éisc na Shetlands fhéin. Lean modh saille na Shetlands ar aghaidh go dtí go rabhar abálta, le húsáid na n-iarnród, 1903, éisc úr a chur go

dtí an mhargadh agus nuair a tharla seo bhí na hiascairí ábalta dúbailt an luacha a fháil. Bhí brú mór ag teacht ar Micks anois mar go raibh curanna éisc geal ag méadú go mór agus mheas sé go raibh duine éigin a dhíth air a mbeadh na scileanna cuí aige leis na margaí éisc a láimhseáil níos éifeachtaí. Fuair sé an fear seo in Aberdeen—Alexander T.



Duthie—fear a raibh tionchar mór aige ar thionscal na hiascaireachta, ní amháin sna Dúnaibh ach ar fud an Chontae.

Ó Éisc Gheala go dtí na Scadáin.

Go dtí seo is ag trácht ar iasc geal atá muid, iascaireacht le línte fada ar gheoltaí agus ar churacha agus sailleadh na n-iasc geal. Is cinnte go raibh iascaireacht scadán ag dul ar aghaidh ach ní ar bhun trádála. Mar a luaigh mé cheana baineadh úsáid as na scadáin mar bhaoití. Le linn do Duthie a bheith ag coinneáil súil ar scéim shaille an Bhoird agus ag coinneáil súil ar mhargaí éisc chuir sé ionadh an domhain air an caighdeán a bhí i



roinnt scadán a bhfuarthas greim orthu ag béal Bháigh na nDúnaibh. D'imigh sé go Baile Átha Cliath láithreach agus samplaí de na scadáin leis agus mhínigh sé don Bhord gurbh iad seo na scadáin Matje (scadáin óga nach raibh fásta go hiomlán) ab fhearr a chonaic sé ariamh agus spreag sé an Bord gur cheart dóibh airgead a chur ar fáil le bádaí den déanamh 'Zulu' a cheannacht do na hiascairí agus an trealamh a bheadh riachtanach ag dul leo. Mhaígh sé go raibh na scadáin seo, ina thuairimsean, níl fhearr ná scadáin Castlebay, ba seo scadáin a raibh cáil mhór orthu ag an am, scadáin a raibh an luach ab airde a fháil orthu ar mhargaí na hEorpa, agus a rabhar a sailleadh ag an am i nDeisceart na Hebrides. Cruthaíodh go raibh Duthie ceart, mar go bhfuair scadáin Bháigh na nDúnaibh, ina dhiaidh seo, an luach ab airde ar mhargaí na hEorpa.

Na Zulus.

Bádaí seoil tuairim is dhaichead troigh ar fhad a bhí sna Zulus ar dtús ach de réir a chéile tosaíodh ar Zulus níos mó a dhéanamh, a raibh deiceanna iontu, agus ba in Albain a tógadh iad. Bhí dearadh na mbád seo bunaithe ar dhá bhád iascaireacha a bhí ag iascaireacht amach ó chósta na hAlban. Baisteadh bádaí Zulu orthu de thairbhe go raibh an cogadh leis na Zulus ar siúl ag an am.

Ba go Teithleann a chuaigh na chéad Zulus sa bhliain 1897 mar gurbh ag iascairí Theithleann a bhí an cleachtadh ab fhearr ar láimhseáil bád seoil a bhí ní ba mhó ná na Geoltaí. Ansin nuair a chonaic iascairí na nDúnaibh muintir Theithleann istigh sna Dúnaibh lena gcuid Zulus le haghaidh iascaireacht na scadán agus na buntaistí móra a bhain leo chuaigh siadsan a éileamh

an cineál céanna bád ón Bhord. Géilleadh dá n-éilimh agus leag Duthie síos na coinníollacha a chuaigh leo, le tacaíocht an Bhoird.

Na Coinníollacha.

B'iad na moltaí a rinne Duthie ná:

- Nach nglacfaí ar na criúnna ach fir a bhí breá óg.
- Go mbeadh seisear iascaire mar bhaill den chriú agus go mbeadh siad mar chomhúinéirí ar an bhád agus ar an ghiar iascaireachta.
- Go ndéanfaí naoi gcuid de shaothrú an bháid. Choinneodh an bord trí chuid, seo le luach an bháid agus an giar a íoc ar ais.
- Go ndíolfaí na curanna éisc ag ceant poiblí ar an chéidh le saillteoirí scadáin agus go dtabharfaí a luach do ghníomhaire (agent) an bhoird. Choinneodh seisean an t-airgead uilig go mbeadh séasúr na hiascaireachta thart. Thabharfadh sé airgead le haghaidh bia agus riachtanais eile do iascairí aonarach le linn an tséasúir de réir mar a bhí sé a dhíth.
- Bhí achan bhád le bheith faoi cheannas teagascóra Albanach mar scipéir agus bhí sé de iachall ar an chriú glacadh lena chuid ordaithe maidir le hamanna agus na háiteacha a roghnófaí le haghaidh iascaireachta. Ba seo ceann de na cúiseanna ar moladh go mbeadh na hiascairí breá óg mar go bhféadfaí smacht níos fearr a choinneáil orthu.

Chuir sé iontas ar Micks agus ar Duthie cé chomh tapaidh agus a d'fhoghlaim na criúnna óga seo an dóigh leis na bádaí seoil seo a láimhseáil agus chomh tapaidh agus a tháinig siad isteach ar mhodhanna úra iascaireachta. Bhí an mhórchuid de na criúnna an-óg agus gan an oiread sin taithí iascaireachta acu, taobh amuigh de bheith amuigh ar churacaha. Ba saol eile ar fad dóibh a bhí sa chineál seo iascaireachta. Ní raibh i bhfad go raibh coimhlínt fholláin idir na criúnna mar go bhfógrófaí ag deireadh na seachtaine cé mhéad a shaothraigh achan bhád don tseachtain. Mar go raibh an bord ag fáil trí chuid de

luach na gcuranna agus go raibh an iascaireacht chomh maith sin ag tús ama, bhí luach an bháid agus na heangacha glanta go minic i ndiaidh cúpla séasúir iascaireachta, rud a d'fhág bád réasúnta úr agus giar iascaireachta i seilbh seisear de chriú.

Ré Órga na hIascaireachta sna Dúnaibh.

I Samhradh na bliana 1897 ní raibh ádh ar bith ar Zulus Theithlinn agus iad ar thóir na scadán i mBáigh Dhún na nGall. Thug siad aghaidh ar na Dúnaibh agus ó thús mhí Lúnasa fuarthas na scadáin ab fhearr i mBáigh na nDúnaibh agus a fuarthas in aon áit. Ó thús mí Lúnasa bhí cabhlach iascaireachta na nDúnabh ag fás de réir an lae agus an iascaireacht ag dul i bhfeabhais. Bhí dhá Zulu dhéag as Teithleann, ceithre Lugger choimhthíoch, deich Yawl is fiche agus trí fichid currach ag iascaireacht amach as na Dúnaibh. Tháinig forbairt agus fás ar na Dúnaibh de réir a chéile go dtí go raibh sé ar thiontú an chéid, ar an phort iascaireacht scadán ba mhó sa tír. Tugadh i dtír ó thús Lúnasa na bliana sin go lár mí Dheireadh Fómhair luach £6,000 de scadáin. De réir cuntas a bhí sa 'Derry Journal' ag an am d'úradh go dtigeadh galtán as Albain 'na céidhe an uile lá agus go raibh tuairim is céad duine fostaithe ag an dá stáisiún leasaithe a bhí os cionn na céidhe ag sailleadh agus ag pacáil na scadán. Bhí tús curtha le ré úr i saol iascaireachta na nDúnaibh.



Foinsí: More about Meevagh - L. W. Lucas
A History of the Congested Districts Board - W. L. Micks
Zulu Fishermen - Pat Conaghan

Seal i Meiriceá Theas i 1997

Deisceart Peiriú

Nuair a d'fhill mé ar Pheiriú ag deireadh mí Meithimh, tháinig mé ar ais go Puno, ach d'imigh mé díreach ar aghaidh go dtí Arequipa. As seo, chuaigh mé go dtí an Cainneon Colca, an cainneon [canyon] is doimhne ar domhan. Tá sé thart fá mhíle ar doimhne. Thóg sé lá iomlán orm siúl go bhun an chainneoin, áit ar chaith mé an oíche.

Ó Arequipa chuaigh mé go dtí Nazca chun amharc ar na línte diamhra sa bhfásach. Tá lear tuairimí ar fhoirse nó ar an chúis atá leis na línte seo, ach



níl ceann ar bith acu deimhnithe go fóill. Deir cuid de na daoine gur cineál d'fhéilire a bhí iontu, ionas go mbeadh fhios ag na daoine cén uair leis na barraí a chur nó a bhaint. Clúdaíonn siad thart fá 400 míle cearnach agus is é

an dóigh is fearr le hiad a fheiceáil ná ón aer. Ó Nazca chuaigh mé díreach go Trujillo, cathair atá ar an chósta, ó thuaidh ó Lima.

Trujillo – Chan Chan

Tá dhá phirimid taobh amuigh de Trujillo, Teampall na Gréine agus Teampall na Gealaí a thugann siad orthu. Bhí mé ábalta siúl go barr ceann acu, rud nach dtig leat a dhéanamh san Éigipt. I dtuaisceart chathair Trujillo tá Chan Chan, seanchathair ó thart fán bhliain 1000 inár chónaí thart fá 10,000 duine. Bhí corás uisce acu agus gairdíní agus a leithéid eile, nach raibh le fáil i gcathair ar bith san Eoraip ag an am. I ndiaidh domh an lá a chaitheamh amuigh ansin, thug na treoraithe [guides] cuireadh domh dul chuig béile



Teampall na Gealaí

leofa, agus bhí sin deas agus thosaigh siad ag labhairt fá El Niño, an t-eachtra a tharlaíonn achán chúig bliana nó mar sin, agus a chuireann an aimsir bunoscionn agus a scriosann saol na ndaoine agus an dúlra sa cheantar. Bhí ceann tuartha don bhliain dár gcionn, agus bhí siad uilig buartha fá dtaobh de. Mar a tharla, ba é an ceann is measa sa 20ú céad a bhí ann.

Cajamarca

Is cathair maorga í Cajamarca, ach in ainneoin sin tá stair fuilteach ag an chathair seo. Sa bhliain 1532 ghabh na Spáinnigh Atahualpa, ceannaire deireannach na n-Incigh, anseo. Tá sé do-chreidte go raibh na Spáinnigh ábalta an lámh in uachtar a fháil ar na hIncigh i gCajamarca. Bhí airm de bhreis is 30,000 fear ag Atahualpa, agus thart fá 170 fear ag an ginearál Spáinneach, Francisco Pizarro. Ansin chuardaigh na Spáinnigh airgead fuascailte (ransom) leis na hIncigh a bhí ina bpríosúnaigh acu a shaoradh. Líon na Incigh seomra lán d'ór mar airgead fuascailte, ach nuair a bhí an t-ór faighte acu, mharaigh na Spáinnigh Atahualpa. Is i mbaile beag taobh amuigh de Cajamarca a bhlas mé muc ghuine (guinea pig) don chéad uair, feol a itear cotianta go leor i bPeiriú.

Huaraz agus Cleachtaí Aisteach sna Sléibhte

Tá na sléibhte is airde sa tír suite in aice le Huaraz, sa sliabhraon Callejon de Huaylas.

Chaith mé roinnt laethanta ag siúl sa Callejon de Huaylas. Ach d'fhoghlaim mé gasta go leor nach raibh mé ábalta braith ar na comharthaí a bhí ar na



cosán do na turasoírí. Tá sé ráite go bhfuil sé de nós ag cuid de bhunadh na sléibhte na comharthaí atá ann do na *gringos* a aistriú thart. Creideann bunadh an *puna* go gcónaíonn a ndéithe sna sléibhte agus go mbíonn cíós ó mhéid áirithe daoine ag teastáil ó na déithe seo. De réir na ndaoine áitiúla, b'fhearr mar sin más *gringos* atá iontu, agus go mbeidh níos mó acu féin slán dá bharr . . .

Bhíodh cleachtadh eile i gcuid de na ceantair sna

sléibhte ar a dtugtaí *Qapac Qocha* air. Maraítear leanbh óg thuas ar an oighearshruth chun dia an uisce a shásamh, mar gurb é an oighearshruth foinse an uisce, agus gan é cha bheadh siad beo. Níonn siad an páiste a íobairt don dia agus ansin cuirtear é nó í san oighearshruth. Deir roinnt daoine go bhfuil seo fós ag dul ar aghaidh i gcuid de na ceantair antrátha uaigneacha den tír nuair a bhíonn siad ag comóradh *Inti Raymi* (Grianstad an Gheimhridh – Winter Solstice), ach chan fhaca mise fianaise ar bith de.

Lima Arís

Ó Huaraz, chuaigh mé ar ais go Lima ar feadh cupla lá sular fhíll mé ar Éirinn. Chaith mé an féile náisiúta (28ú Iúil) i Lima, áit a raibh aifreann mór san ard-eaglais ag a raibh an príomh-aire Alberto Fujimori, chun an lá a cheiliúradh. Is dócha gur chur seo in iúl domh an nasc atá idir an



Margadh

chliarlathas [hierarchy] agus an rialtas sa tír, faoi mar a bhíodh sa tír seo. Ach bhí scannal ag briseadh faoi Fujimori san am seo. Fuarthas ciontach sa chaimiléireacht é i ndiadh sin agus theith sé go dtí an tSeapáin.

An Bhochtaineacht

Is tír saibhir í Peiriú ó thaobh áiseanna nádúrtha, ach ní bhaineann cosmhuintir na tíre morán tairbhe as seo. Tá áiseanna nádúrtha na tíre go fóill a ndíol leis na corparáidí ilnáisiúnta (multinational), agus is beag an mhaitheas atá anseo don ghnáth dhuine sa tír. Tá méadú ag teacht ar fho-bhailte na gcathracha móra, agus laghdú ag teacht ar an chaighdeán maireachtála de bharr príobhaidiú na seirbhísí poiblí cosúil le huisce agus oideachas. Tá cinéal bogadh i dtreo an eite chlé faoi mar atá i roinnt tíortha eile i Meiricea Theas faoi láthair, ach níl siad i gcumhacht go fóill. In ainneoin seo níl feabhas tagtha ar shlí maireachtála na ngnáth dhaoine.

Sampla maith ar chumhacht agus réimse na gcorparáidí ilnáisiúnta ná chomh forleathan agus a bhí Coca-Cola agus Pepsi le fáil, fiú sna sráidbhailte i gceantair tuaithe nach raibh uisce reatha nó leictreachas le fáil. Dá mbeadh an t-airgead agat, thioctadh leat iad a cheannacht, ach ní raibh an t-airgead ag mórán. Is beag canna Coca-Cola nó Pepsi atá ólta agam ó shin. Nuair a bhí mise i bPeiriú, an chéad rud a déarfainn le daoine nuair a rachainn isteach go dtí baile úr ná, nach ó na Stáit Aontaithe mé. Bhí fuath acu ar na Stáit Aontaithe.

Tá easaontas láidir i gceantair áirithe i bPeiriú, agus teannas idir an mionlach saibhir agus an mórlacht bocht, agus fiú bíonn gníomhaíochtaí paraimílteacha ag dul ar aghaidh i gcuid de na ceantair is boichte. Chuirfeadh sé samhnas ar dhuine ar bith an deighilt a fheicéal idir an bhochtaineacht agus an saibhris sa tír seo. Sna *Pueblos Jovenes* i Lima (“Na Bailte Óga” i Spáinnis) tá na milliúin daoine ina gcónaí ar mhullach a chéile gan uisce nó leictreachas ar bith. Tá méid doimhneacht na bochtaineachta dochreidte ann. Chan ionadh go mbíonn trioblóid agus easaontas sna fo-bhailte seo ó am go chéile. Ach ní bhíonn trócaire ar bith ag na húdarais dóibh, nó níl meas ar bith acu orthu. Is beag an luach atá ar bheatha an duine sna fo-bhailte seo cosúil le go leor áiteacha eile ar fud an domhain.

Bhí mé den bharúil, agus tá go fóill, go bhfuil rud éigin bun os cionn leis an saol nuair is mar seo a bhíonn beatha ag formhór an chine dhaonna de



Pueblos Jovenes

bharr saint lucht an rachmais. Faigheann 50% de phaistí Pheiriú bás sula mbíonn siad dhá bhliain d’aois. Níl córas sláinte nó leasa shóisialaigh ar bith sa tír, agus caitheann daoine maireachtáil ar dhóigh amháin nó ar dhóigh eile. Sin is dócha an spreagadh a bhí ann don achrann a bhí sa tír ar feadh na mblianta.

Cé go bhfuil an bhochtaineacht chomh forleathan, ní raibh morán coiriúlacht phearsanta i bPeiriú nuair a bhí mise ann, ach bhí orm a bheith faichilleach roimh dhaoine ag iarraidh rudaí a dhíol ar luach a bhí cúpla uair níos airde ná an

luach ceart. Nuair a tchíonn siad an “gringo” ag teacht, téann na praghasanna suas b’fhéidir trí nó ceithre oiread. Muna gcoinníonn tú do shúile ar do threalamh phearsanta fosta, sciobtar ar shiúl iad go gasta.

Cóca

Tá duilleoga cóca le fáil go forleathan i bPerú. Is gnáth phlanda í seo, agus glacann na daoine dúchasacha í le haghaidh tinneas airde [altitude sickness], agus don ocras. Tá sé maith fá choinne piantaí, agus níonn na daoine tae leis na duilleoga fosta, *maté de coca* a thugtar air. Níl sé ró-láidir ar chor ar bith, bheadh sé measartha lag i gcomparáid le cupla pionta beoir, nó gloine uisce beatha! Is nuair a dhéantar í a phróiseáil go *basuco* nó cócaon (cocaine) a eiríonn sé contúirteach. Is san phroiseas aistriúcháin seo atá an brabús is mó le fáil, agus déantar seo i roinnt saotharlanna atá suite i gceantair iargúlta san iarthar, in aice leis an teorainn leis an Bholaibh agus an Cholóim.



De bharr an ioncain ísil atá le fáil ag gnáth fheirmeoirí, is é seo ceann de na bealaigh is fearr le haghaidh feabhas a chur ar do shlí beatha agus do chaighdeán

maireachtála.. Tá baint ag cuid mhór de ghníomhaíochtaí paraimílteacha anois le trádáil drugaí, go speisialta fás na nduilleog cóca, bunábhar cócaon.

Deireadh M’Aistir

Dónall Mac Dáibhéid

Bhí slua mór i láthair in Óstán Charraig Airt an oíche a lainseáil Dónall Mac Dáibhéid a dhlúthdhiosca úr “Country & Irish Songs” ansin le déanaí. Tréaslaíonn muid uilig le Dónall as ucht an éachta atá déanta aige agus guíonn muid rath air. Ba í pearsantacht áitiúil eile, Róise Ní Oireachtaigh as Highland Radio, a rinne an lainseáil. Ag labhairt i nGaeilge, dúirt sí gurbh ábhar pléisiúir mór dí, ní amháin an dlúthdhiosca úr seo a lainseáil ach é a sheinm ar a clár raidió fosta. Dúirt sí gur dheas an rud é go raibh beirt de na hamhráin i nGaeilge, ‘Cruacha Glas na hÉireann’ agus ‘Doire Cholm Cille’ agus amhrán áitiúil eile ‘Dumhaigh Grá Mo Chroí.’



Nuair a shroich mé Éirinn arís i ndiaidh trí mhí a chaitheamh i Meiriceá Theas, bhí mé tuirseach agus lag. Nuair a bhíonn tú cleachtaithe leis an chaighdeán maireachtála atá againn sa tír seo, níl sé furasta cur suas leis an saol salach, te gan uisce glan nó bia folláin mar atá le fáil i gcuid mhór de Perú. Chan ionadh go bhfuil fad saoil lear de na daoine chomh gairid sin. Is cinnte gur oscail an turas seo mo shúile domhsa agus gur léirigh sé domh dhá thaobh an nádúir dhaonna. Tá sé doiligh a chreidmheáil cé chomh éagothrom is atá saol an domhain go dtí go bhfeiceann tú le do shúile féin é. Cé go raibh staidéar déanta agam ar an cheantar seo san ollscoil, is oideachas eile go hiomlán a bhí sa turas seo. B’fhéidir nach raibh teastas ar bith le fáil ag an deireadh, ach is cinnte gur thosaigh mé ag tuigbheáil rudaí nach bhfuil le fáil i leabhar ar bith.

Cormac Goulding

Rinne Fear a' Tí, Colm Ó Buaidhe comhghairdeas le Dónall fosta agus chuir sé fáilte roimh achan duine, go háirithe ár gcomharsana as leithinis Fhánada. B'iomáí ceoltóir a cheol le linn na hoíche, i dteannta leis an aoi speisialta é féin, Dónal Mac Dáibhéid. Ina measc bhí Áine Ní Chongólaigh agus Máire Ní Bheaglaoidh (Fánaid), Paddy, Deirdre agus Sorcha Ní Chuilinn (Carraig Airt) Séamus Ó hEarcain



agus Róise Ní Raghallaigh (An Craosloch) agus Róise Ní hEarcáin (Port Nua). Ar ndóiche, cheol Seosamh Mac Dáibhéid, athair Dhónaill, 'Níl 'na Lá' agus cheol a dheirfiúr Suzanne Ní Bhaoill as Gaoth Dobhair amhrán binn fosta.

Caoimhín Mac a'Bháird

Ros Goill

le
Proinsias Ó Cuilinn

I dtuaisceart na hÉireann
ar an chósta thiar-thuaidh,
suíonn leithinis a mhúsclaíonn mo bhródsá.
Ag seasamh go cróga
ó tá leis na cianta
i lár fiántas na farraige móire.

Is Ros Goill a hainm
's téann an t-ainm sin siar
go Mac Mórna na Fianna sa stair.
Bhí an laoch sin sa cheantar
tá an fhianaise soiléir
mar tá carraig a ghlacann a ainm.

Bhí Diarmaid is Gráinne
mar aíonna Ros Goill;
iad ag teitheadh ó Mhic Cumhaill is a dhíoltas.
An bhfuil áit eile in Éirinn
a tharraing an uaisleacht
nó a mheall iad le háilleacht a fiántais.

Tá Cuan deas na Long
suite taobh thiar,

taobh thoir tá Cuan na Maoile Ruaidhe.
Tógann na locha 's na sléibhte
tírdhreach na háite
ach níl sárú ar áilleacht a gcuanta.

Tá clú mór ar an cheantar
is chan iontas ar bith é,
go dtagann sa tsamhradh na sluaite.
Ach dúinne a cothaíodh
ó thorthaí na talún,
tá níos mó ann ná féasta na súile.

Scaradh na sluaite
ó cheantar a ndúchais,
nuair a lasadh tine na himirce.
Ach gach anam a d'fhág
choinnigh sé cuimhne nach beag
ar Ros Goill is ar dhílseacht a mhuintire.

Leag mé mo chos ar mhór-roinn is oileáin
is chonaic mé iontais nach
ndéanfadh me dearmaid.
Ach beidh deireadh mo shaolsa
caite go socair
i measc cnoc is gleanntán mo cheantair.

Feadaímó

Tá Feadaímó agus na tiománaithe eile i ndiaidh an bhuaidh a fháil ar na gadaithe agus tá comhrá ag dul ar aghaidh fá caidé is fearr a dhéanamh leo. Chuir Feadaímó na ceithre gadaí ina suí leis an ochtar eile agus shuigh sé síos in aice na tine. “Fuair fear acu ar shiúl orainn” a dúirt sé, “agus cha bheinn dóchasach go bhfaighidh Tuathal greim air sa dorchadas.” “Níl neart ar sin anois,” arsa Domhnall, “ach déanann sin rudaí níos deacra mar tabharfaidh sé an scéal do lucht muinteartha na mboc seo.” Chuir Seán a chapall ar téad agus bhain sé an diallait dó. “Beidh ar dhuine inteacht dul síos agus na capaill a scaoileadh ón chairt, a Dhomhnaill,” a dúirt sé. Tá a fhios agam, déanfaidh mise me féin sin i gceann tamaill, arsa Domhnall. Chaith Seán an diallait ar an talamh in aice le Feadaímó agus shuigh sé uirthi. Ghlan sé a scead-amán agus chaith sé seileog isteach sa tine. “Is fearr dúinn a bheith ar an bhealach measartha luath,” a dúirt sé, “mar níl amhras ar bith ná go mbeidh cuideachta againn nuair a chluinfidh siad an scéal.” “Is mór an trua nach bhfuil gealach ar bith anocht ann mar dá mbeadh cha bheinn ag fanacht ar chor ar bith,” arsa Domhnall. “Cibé ar bith beidh orainn imeacht roimh éirí gréine.” Shiúl sé anonn chuig na príosúnaigh. “Cad é mar atá an foirm leatsa anois, a Choilm” a dúirt sé, fuair tú droch-am ó na boic sin.” “Tá mise go breá,” arsa Colm, agus sheas sé. Beidh mé stalcánta go leor ar maidin is dóiche.” “Thig leatsa suí ar an charta liomsa agus déanfaidh Feadaímó an siúl duit,” arsa Domhnall. “Cad é fá na gadaithe seo?” arsa Paidí. “Tá dosaen acu ann is ní dóigh liom go mbeidh fonn siúl ar bith orthu.” D’amharc Domhnall ar na gadaithe agus é ag smaoineamh. Labhair duine acu leis. “A chara, a dúirt sé, tá sé go réidh agat muidinne a scaoileadh saor mar níl dóigh ar bith a bhfaighidh tú muid a fhad le Doire.” Thosaigh an chuid eile acu ag scairteadh amach ag aontú leis. “Cén t-ainm atá ortsa” arsa Domhnall leis an urlabhraí. “Lúd atá orm” a d’fhreagair sé go brodúil, “Lúd Mac Suibhne.” Bhuail Domhnall é sa bholg lena bhata. “Bhail, a Lúid Mhic Suibhne, má labhraíonn tusa gan chead arís scoilfidh mé tú. Tá an scéal mar an gcéanna don chuid eile agaibh. Ná síligí go bhfuil trócaire ar bith anseo daoibh, mar níl. Bheadh Colm agus Seán marbh agaibh ab é Feadaímó. Cha chuireadh sé isteach nó amach ormsa sibh a chrochadh ar cheann de na crainn sin sa ghleann. Shocraigh sin iad mar bhí sé soiléir nach raibh Domhnall ag magadh. Thosaigh duine de na fir óga a rinne an ionsaí ar an táin ag caoineadh. “Níor chóir domhsa a bheith anseo ’a dúirt sé. Tá mise ag iarraidh dul na bhaile. “C’ainm atá ar an bhataí seo,” arsa Domhnall. “Fiachra atá orm, arsa an fear óg,” agus thosaigh sé ag caoineadh arís. Fuair sé cic ón gadaí a bhí ag a thaobh. Druid do bhéal, a Fhiachra, arsa an gadaí, ná náirigh tú fhéin leis an leanbaíocht sin. Stad sé ach bhí sé soiléir go raibh eagla an domhain air. “Chan iontas ar bith go bhfuil

eagla air”, dúirt Feadaímó leis fhéin, “is dá mbeadh a fhios aige cad é a bhí i ndán dó bheadh sé i bhfad níos measa.”

“Anois, a Phaidí, arsa Domhnall, caith uisce ar Chondaí Rua go bhfeicfidh tú an músclódh sin é, tá mise ag iarraidh labhairt leis an phéisteog sin.” Rinne Paidí sin ach ní raibh bogadh as an fhear rua. Le sin tháinig Tuathal agus Éamonn ar ais ach cha raibh an gadaí eile leo. “Fuair sé ar shiúl orm, a Dhomhnaill, tá brón orm fá sin,” arsa Tuathal. “Déan dearmad dó, cha dtáinig muid amach as ionsaí gadaithe ariamh chomh maith leis an tráthnóna seo. Rug mise ar bheirt acu am amháin agus corr uair bhéarfainn ar dhuine amháin acu ach is fíor annamh a tharla sin. Anocht tá dosaen acu gafa againn. Cuirfidh seo deireadh le réim na ngadaithe. Ba chóir go mbeadh sé sábháilte ar na bóithre le táin ó seo amach.” “Beidh,” arsa Seán, “má fhaigheann muid iad a fhad le Doire.” “Bheinnse dóchasach, arsa Domhnall, go háirithe anois is Feadaímó linn.” Sheas Éamonn ag an tine. “Láidir is eile is atá Feadaímó, a dúirt sé, níl ann ach fear amháin agus níl ach ochtar againn ann ar fad. Beidh slua romhainn ar maidin muna bhfuil muid ar shiúl rompu. Tá mná agus páistí ag brath ar na boic seo agus beidh a fhios acu nach bhfuil a dhath ach ocras i ndán dóibh muna bpilleann siad.” Sheas Feadaímó. “B’fhéidir go bhfuil dóigh amach as seo,” a dúirt sé, agus thiontaigh achan súil air. “An mbeadh spás ar an chairt do na príosúnaigh uilig, a Dhomhnaill?” “Bheadh ach cha bheadh siad róchompordach,” arsa Domhnall. Cad chuige? Cad é atá ar intinn agat?” “Níl eolas an bhealaigh agamsa, arsa Feadaímó, ach tá sin ag Colm. Má chuireann tú na príosúnaigh ar an chairt anois thioctadh liomsa agus le Colm imeacht anois. Níl le déanamh againn ach fáil ar shiúl ón cheantar seo roimh éirí gréine. Aontaím le hÉamonn, beidh slua de mhuintir s’acusan ar an bhealach romhat ar maidin agus níl dóigh ar bith a gheofá tríothu agus na boic sin leat. Ach muna bhfuil siad leat thig leat a rá go dtug tú iad do na húdaráis i Leitir Ceanainn. Beidh lúcháir orthu sin a chluinstin mar tá a fhios acu nach róchuidiúil duitse atá na húdaráis.” Thosaigh Domhnall ag gáire. “Tá an ceart agat, a ghasúir, sin go díreach an rud a dhéanas muid.” Shiúl sé anonn píosa agus ghlaigh se ar Shéamaí. “A Shéamaí, an gcluineann tú mé?” Tháinig scairt ar ais chuige ón ardán eile. “Cluinim.” “Déan do bhealach a fhad leis an chairt anois,” a scairt Domhnall, agus thiontaigh sé chuig na tiománaithe eile. “Anois a fheara”, arsa Domhnall, tugaigí libh na boic seo síos agus cuirigí iad ar an chairt.” “Cad é fá Chondaí Rua,” arsa Seán, níl beocht ar bith ann go fóill.” Labhair Domhnall go feargach. “Caith é ar do chapall agus ná bíodh imní ar bith ort fá dtaobh dó. Is cuma sa diabhal liomsa cé acu a mhúsclaíonn sé ar ais nó nach ndéanann. Tá mo chroí briste leis an mhuc sin le blianta. Cá mhéid tiománaithe maithe atá cailte agamsa de thairbhe a chuid gadaíochta?” Char chuir na gadaithe suas gearán ar bith ach anuas ón ardán agus isteach sa chairt leo uilig mar chonaic siad nach nglacfadh na

tiománaithe le stalcánacht ar bith. Bhí sé creathnach teann istigh sa chairt le seisear fear ar achan taobh, fear amháin acu Condaí Rua spréite ar a dhroim sa chúl. Ceanglaíodh a gcosa uilig le chéile. Níor cuireadh am ar bith amú agus d'imigh an chairt, Feadaímó ag tiomaint agus Colm lena thaobh agus bata mór draighin ina lámh. Shiúil Domhnall leo píosa. "Tá a fhios agatsa a Choilm an áit a bhfuil Tobar An Dreoilín," a dúirt sé, agus é ag labhairt go híseal ar eagla go mbeadh duine ar bith ag éisteacht. "Fanaigí ansin orainn." Thiontaigh sé thart agus bhí sé ag siúl i dtreo na tána nuair a chuala siad uilig an scread mhilleteanach ó chúl na cairte. "Cad é faoi Dhia ata dul ar aghaidh anseo." Condaí Rua a bhí ann agus é ag déanamh iarracht seasamh ach bhí a chuid cos ceangailte do na boic eile. Tharraing Feadaímó na srianta agus stad an chairt. Rith Domhnall ar ais agus fuair sé greim muiníl ar Chondaí. "Coinnigh do bhéal druidte, a bhastaird," a dúirt sé, "nó cuirfidh mé práta i do bhéal." "Suigh thusa ar chuid bladhairí ifrinn," arsa Condaí, "cá bhfuil tú ag dul linn?" "Áit nach mbeidh tusa in ann trioblóid ar bith eile a thabhairt domhsa níos mó," arsa Domhnall. Thosaigh Condaí ag screadach. "Hoi, hoi, cuidigh linn, cuidigh linn" Thosaigh na fir eile ag screadach fosta is bhí racán creathnach sa ghleann. Bhí Domhnall ag dul as a phrionsa faoin am seo mar is maith a d'aithin sé an chontúirt ina raibh siad. Bhuail sé cnag ar Chondaí lena bhata agus thit an fear rua siar ina chnap codlatach. Thóg Colm agus Feadaímó bataí fosta agus thostaigh na príosúnaigh eile. Tharraing Domhnall bosca amach as faoin chairt agus thóg sé sean-léine amach agus thosaigh sé a stróiceadh ina struipeanna. "Ceangail iad seo thart ar a mbéil agus coinneoidh sin socair iad," a dúirt sé. "oibrígí go tapaigh mar tá'n oíche ag imeacht." Nuair a bhí sin déanta d'imigh siad arís agus an t-am seo cha raibh le cluinstitín ach corr ghí-og íseal ón chairt. Thiomáin Feadaímó leis tríd an oíche agus char stad sé go dtí go bhfaca sé solas an lae ag gealladh imeall na spéire soir uaidh. Léim sé anuas agus thóg sé tobán amach as faoin chairt. "Bhéarfaidh me deoch do na capaill," a dúirt sé, agus shiúl sé anonn chuig sruthán a bhí le taobh an bhealaigh. "Thabharfaínn lámh chuidithe duit, a Fheadaímó, arsa Colm, ach tá mo chuid easnacha chomh nimhneach sin anois nach bhfuil mé ábalta bogadh." "Fan thusa san áit a bhfuil tú" arsa Feadaímó, "tá an t-ádh ort go bhfuil tú beo ar chor ar bith." Thug sé an t-uisce do chapall amháin agus chuaigh sé ar ais don darna uair. Nuair a bhí sé ar a ghogaidí chuala sé truíp capaill ag teacht ó threo Leitir Ceanainn. Chuala Colm é fosta agus thóg sé a bhata. "Cha bheinn ag súil gur chara ar bith dúinne a bheas anseo, a Fheadaímó." "Tá deifir air cibé cé atá ann," arsa Feadaímó. Thug sé an tobán uisce don chapall eile agus thóg sé anuas a bhata ón chairt. Tháinig an capall eile a fhad leo agus labhair an marcach. "Tá mo dheartháir ar an chairt sin" Is girseach a bhí ann agus í ag déanamh iarracht a hanáil a fháil. Bhí sé le feiceáil ón dóigh a bhí sí ag láimhseáil an chapall gur mharcach den

scoth a bhí inti. Bhí sí costarnocht agus cha raibh ach píosa de bhlaicéad mar dhiallait aici. D'amharc Feadaímó uirthi le hiontas. Bhí an lá ag bánú agus d'aithin sé go raibh sí galánta. Girseach óg a bhí inti, í b'fhéidir bliain nó dhó níos óige ná é fhéin agus gruaig dhubh dhorcha ina luí go trom thar a guailí. Bhí a pluca dearg i ndiaidh an rása agus shíl Feadaímó nach bhfaca sé ariamh girseach chomh dóighiúil lei. Bhí sí ag amharc isteach sa chairt. "A Fhiachra" a dúirt sí, beidh tú ceart go leor anois." Bhí an fear óg ag amharc uirthi go himpíoch lena shúile ach cha raibh sé ábalta labhairt de thairbhe an tost ar a bhéal. "Cé tusa", arsa Feadaímó, agus cad chuige a ndéarfá leis an bhoc sin go bhfuil sé ceart go leor?" Bhí an ghirseach ag iarraidh an tost a scaoileadh dena



deartháir ach sheas Feadaímó idir í fhéin is an chairt. "Chuir mé ceist ort, a Ghirsigh," arsa Feadaímó agus munar mhiste leat, tabhair freagra orm." "Is Síle atá orm," a dúirt sí, is fearg ina glór. "Cá háit a bhfuil sibh ag dul leis na fir seo? Insíodh dúinne go raibh siad ar an bhealach chuig na húdaráis i Leitir Ceanainn. Ghlac na daoine eile le sin ach bhí a fhios agamsa go raibh an fear sin ag insint bréaga." "Cibé cén áit a bhfuil muid ag dul," arsa Feadaímó, "chan a dhath de do ghnósa atá ann." Is mo ghnósa atá ann cinnte," arsa Síle, "sin mo dheartháir ata libh is níl ann ach gasúr cúig bliana déag d'aois." "Cha raibh sé ag smaoinemh ar a aois nuair a bhí sé ag tabhairt leis cuid ba s'againne," arsa Feadaímó. Sheas Colm agus an bata ina lámh. "Agus níl amhail ag rópa an chrochadóra ar aois an duine atá le crochadh," a dúirt sé. D'amharc Síle air is a súile ar lasadh ag an fhearg.. "Tá sé furasta a bheith ina fhear cróga nuair atá fir mar phríosúnaigh ar chúl cairte agat." "B'fhéidir go bhfuil" arsa Colm, "ach chan mar phríosúnaigh a tháinig siad orainne aréir. Is gadaithe atá iontu. Sin an fáth go bhfuil siad ceangailte ar chúl na cairte agus fánfaidh siad uilig ansin, is cuma sa diabhal liom fá cén aois atá siad." "Maith go leor," arsa Síle, "Nuair a thiocfaidh mé ar ais chan comhrá a bheas eadrainn." Tharraing sí ar na srianta.

Beidh an chuid eile den scéal sa chéad eagrán eile.

Imeachtaí Chéim Aniar

OIREACHTAS NA SAMHNA 2009

Tá moladh mór tuilte ag na páistí seo uilig a ghlac páirt sna comórtais agallamh beirte ag Oireachtas na Samhna a bhí ar siúl i Leitir Ceanainn i mí Dheireadh Fómhair. Céithre pháiste dhéag a bhí ullmhaithe ag Céim Aniar don ócáid seo, le seacht n-agallamh beirte a bhí scríofa ag Proinsias Ó Cuilinn. D'éirigh le Róisín Ní Bhuaidh agus Máire Ní Raghallaigh an dara áit sa chomórtas faoi 15 a bhaint leis an agallamh "Naomh Peadar agus an Ġadaí". Comhghairdeas libh a ghirseacha.



Micheál Ó Coileáin, Rebecca Nic Nuadht, Hannah Ní Chanainn, Míobha Nic Fhinneachta, Laura Pasoma agus Pádraig Mac Fhinneachta a ghlac páirt sa chomórtas agallamh beirte faoi 12



Róisín Ní Bhuaidh, Máire Ní Raghallaigh agus Proinsias Ó Cuilinn



Ar chlé tá Brónach Ní Ghallachóir, Ruadhri Mac Conaglaigh, Ben Mac Giolla Bhríde, Ailín Pasoma, Conchúr Mac Giolla Bhríde, Jaeic Mac Nuadht, Róisín Ní Bhuaidh agus Máire Ní Raghallaigh a ghlac páirt sa chomórtas faoi 15

**Bíonn
siúlach
scéalach**

ÉIGSE SHEÁIN BHÁIN

Bhí lá mór againn i mBaile na Finne Dé Sathairn, 28 Samhain ag an chomórtas “Deis a Labhartha” ag Éigse Sheáin Bháin. Ghlac os cionn 30 páiste ó Chéim Aniar páirt sa chomórtas seo agus rinne siad uilig jab iontach de na dánta. Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí as an tacaíocht a bheireann siad dúinn i rith na bliana ag na cleachtaí do na comórtais éagsúla. Ceithre rannóg a bhí sa chomórtas seo agus tháinig na páistí abhaile le hocht nduais ar fad, mar a leanas: Naíonáin – Naoise Ní Dhuagáin (tríú áit), Odhrán Mac Conaigh (dara áit). Rang 1 & 2 – Aobh Ní Ghallachóir (Tríú áit), Micheál Pasoma (Céad áit). Rang 3 & 4 – Laura Pasoma



(Céad áit roinnte le Bríd Ní Bheirn, Loch an Iúir). Rang 5 & 6 – Ruadhrí Mac Conaigh (Tríú áit le Nicola Ní Bhaoill, Gaoth Dobhair), Ailín Pasoma (dara áit) agus Ben Mac Giolla Bhríde (Céad áit). Comhghairdeas libh uilig.

Ar chlé tá bonn a bhronnadh ag Patsy Mac Suibhne ar Aobh agus ar dheis tá Laura agus Bríd Ní Bheirn leis an moltóir Marcas Ó Murchú.



Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra



Rang 1 & 2



Rang 3 & 4



Rang 5 & 6



Glacadh na pictiúr seo san Institiúid Teicneolaíochta i Leitir Ceannainn ar 16 Samhain nuair a bronnadh teastais ar mhic léinn sa chontae a rinne scrúduithe Teastas Eorpach na Gaeilge níos luaithe sa bhliain. Sa ghrianghraf thuas tá mic léinn y Fhóinid agus y na Dúnaibh in áineacht le muinteoir agus ionadaithe y Údarás na Gaeltachta agus Ollscoil na hÍirinn, Maigh Nuad. Thíos, y na ranganna a bhna reachtáil sna Dúnaibh tá, y chliú, Caitlín Ní Mhaoileoin (muinteoir TEG), Eibhlín Uí Bhrolcháin, Míre Dugera, Bine Uí Dhomhnaill agus Anna Mhic Rodana bhain teastas amach agus PeighRyder (muinteoir). Tá na scrúduithe seo ar siúl arís i mbliana in Bras Ros Goill.



Déan teagmháil linn: Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill,
Na Dúnaibh, Tír Chonaill. Fón: 074 9154830
Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net



AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.

Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155

eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com



**An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe
agus Gaeltachta**
Department of Community, Rural
and Gaeltacht Affairs



Foras na Gaeilge



Údarás na Gaeltachta